Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

# CGAT
# Scrúdú Nascmhodúl

# Scéim Mharcála agus Réiteach

# Scrúdú Scríofa 2011

| |
|---|
| **Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160** |
| **Gradam 128 marc** |
| **Fiúntas 104 marc** |
| **Pas 80 marc** |

**Nótaí Scéime Marcála agus Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála**

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt ar aird agus an scéim mharcála seo á breithniú:

- Níl na nótaí tacaíochta atá léirithe eisiach nó cinntitheach agus is féidir glacadh le freagraí ailtéarnacha má mheastar iad a bheith bailí;

- Is nótaí tacaíochta iad agus ní freagraí samplacha ná molta;

- Déantar pointí eolais ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a bhronnadh ar bhonn a gcuid fiúntas;

- Tá na sonraí a theastaíonn i bhfreagra ar bith cinntithe ag an gcomhthéacs agus ag an mbealach a chuirtear an cheist agus ag líon na marcanna a tugadh don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Dá bhrí sin is féidir le riachtanais agus leithdháiltí marcanna athrú ó bhliain go bliain.

**Roinn A** **Closamharc** **30 marc**

**Cuid 1**

**C.1** Cad is obair dheonach ann? **1 marc**

Is éard is obair dheonach ann ná obair a dhéanann daoine le cúnamh a thabhairt do dhaoine eile/ar mhaithe le cúis ar leith. 1 mharc

**C.2** Cén fáth a bhféachtar ar an obair dheonach mar ghníomhaíocht neamhleithleach? **2 mharc**

Cuirtear an mhaith chun cinn/feabhas ar chaighdeán saoil daoine eile.

2 @ 1m

**C.3** Cén fáth ar thaitin an eagraíocht 'CABHAIR ÉIREANN' le hOrla? **3 mharc**

1. Mar tá easpa dídine ag dul i méid i láthair na huaire.
2. Bhíomar an-tógtha le fís na heagraíochta 'go bhfuil gach duine i dteideal áit dá chuid féin a bheith aige'
3. Thaitin linn freisin gur chuidigh siad le réimse leathan daoine, óg, aosta, fir, mná agus cúlraí éagsúla acu.

3 @ 1m

**Cuid 2**

**C.4** Cosúil le mórán eagraíochtaí deonacha, tá mórán athruithe feicthe ag 'CABHAIR ÉIREANN' le blianta beaga anuas. Tabhair breac-chuntas ar chuid de na hathruithe seo. **4 mharc**

1. Tá easpa dídine ag dul i méid mar thoradh ar dheacrachtaí airgid.
2. Mar thoradh ar chúiseanna pearsanta, teaghlaigh nó sláinte.

2 @ 2m

**C.5** Mínigh an cineál cúnaimh a bhíonn ar fáil ag cliaint 'CABHAIR ÉIREANN'. **4 mharc**

1. Bíonn brúnna éigeandála/cóiríocht ghearrthéarmach ar fáil dóibh.
2. Féachann siad le cóiríocht bhuan a chur ar fáil do gach duine.
3. Cuireann béilí nach mbíonn daor ar fáil.
4. Tugann comhairle neamhchlaonta.
5. Spreagann cliaint a bheith páirteach i gcláir oiliúna/oideachais.
6. Cuireann oibrithe deonacha a mbíonn go leor taithí acu tacaíocht ar fáil/tairgeann tacaíocht d'aon duine a iarrann cúnamh orthu/áit le dul/ duine le teagmháil a dhéanamh leo.
7. Cuidíonn le cliaint an t-athrú a dhéanamh ó a bheith gan dídean.

4 @ 1m

**C.6** Cén fáth a spreagann 'CABHAIR ÉIREANN' daoine óga le bheith ag obair go deonach ina n-eagraíocht? **4 mharc**

1. Bíonn daoine óga fuinniúil/ díograiseach. Tugann ardú meanman do chliaint agus bíonn siad dóchasach.
2. Tá réimsí go leor ann/gnéithe praiticiúla inar féidir leo dul ag obair e.g. cuidiú i mbrúnna/i siopa caifé/anraith a roinnt/idirghníomhú lenár gcliaint go ginearálta.

2 @ 2m
(1 + 1)

**Cuid 3**

**C.7** Cén fáth ar shocraigh Orla gan a hagallamh le Stiofán, fear gan dídean, a thaispeáint? Cad a d'fhoghlaim Orla, ón agallamh a bhí aici le Stiofán, faoi bheith gan dídean agus faoi dhearcadh daoine i leith na ndaoine gan dídean. **6 mharc**

Shocraigh Orla gan an t-agallamh le Stiofán a thaispeáint mar go raibh sí ag iarraidh a bheith measúil ar a dhínit/mar go raibh sé beagán róphearsanta. 1m

D'fhoghlaim Orla;

1. Go bhfuil sé crua a bheith gan dídean.
2. Gur daoine cineálta iad formhór na ndaoine a chastar air.
3. Labhraíonn roinnt díobh go tarcaisneach leis/deir leis post a fháil.
4. Áiríonn sé uaidh nach bhfuil áit aige dó féin ná gnáthbhealach saoil aige.
5. Ní airíonn sé sábháilte ar na sráideanna.

5 @ 1m

**C.8** Is féidir fás agus forbairt phearsanta a bhaint amach ach páirt a ghlacadh in obair dheonach. Mínigh brí an ráitis sin. **6 mharc**

1. Déantar tréithe pearsanta a fhorbairt, díocas, foighne agus tuiscint mar shampla. Foghlaimíonn tú le nithe a dhéanamh as do stuaim féin, léirítear dílseacht agus fuinneamh.
2. Cuireann scileanna/CV níos fearr le deiseanna fostaíochta/cuidiú leat sa saol oibre amach anseo.
3. Déanann difear le feabhas a chur ar an bpobal/déanann difear do chaighdeán saoil daoine/ag déanamh an phobail ina bhfuil tú níos sábháilte agus níos deise le cónaí ann.
4. D'fhoghlaim le bheith tuisceanach; d'eagraigh imeacht bailithe airgid de do chuid féin.

2 @ 2m
(1 +1)
2 @ 1m

**Roinn B** **Cás-Staidéar** **30 marc**

**C.1** Luaigh agus mínigh **trí** thréith/scil fiontraíochta atá léirithe ag Sorcha. **6 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Nuálacht/Cruthaitheacht: | Tháinig sí ar smaointe nua nó ar bhealaí le feabhas a chur ar smaointe a bhí ann cheana. |
| 2. | Spreagtha: | Cuireann sí tús leis an obair í féin/fonn oibre uirthi. Is mian léi a bheith réalaíoch/sásamh pearsanta. |
| 3. | Réalaíoch: | Tuigeann sí cad atá le déanamh gan a bheith ró-uaillmhianach. |
| 4. | Tógann Rioscaí: | Tá sí sásta dul ina bhun í féin agus tá sí sásta na rioscaí a bhainistiú, idir rioscaí pearsanta agus airgeadais |
| 5. | Deimhneacht: | Tá sí go maith i dtaobh cinntí a ghlacadh. Déanann sí go tapa agus go cinnte iad. |
| 6. | Solúbthacht: | Tá sí sásta a gairm a athrú de réir mar is gá. |
| 7. | Oibríonn go crua: | Tá sí sásta iarracht mhór /uaireanta/obair a chur isteach. |

3 @ 2m
(1 + 1)
1m ar a lua + 1m ar chur síos
Ní cheadaítear freagraí a thabhairt an athuair

**C.2** (i) Cad iad na buntáistí a bhainfidh Sorcha as clárú i gcúrsa deartha suíomh gréasáin?
(ii) Beidh an gnó seo á rith ag Sorcha ina haonar (trádálaí aonair). Cén tionchar a bheidh ag Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) (ICT *i mBéarla)* ar an Aisling Aoibhinn? **12 mharc**

1. Tá sí ábalta a suíomh gréasáin féin a dhearadh/Baineann úsáid as a scil nua/ag cur lena scileanna TFC.
2. Sábhálann airgead/ní theastaíonn dearthóir gairmiúil uaithi.
3. Tá buntáiste ó thaobh iomaíochta aici má tá suíomh gréasáin gairmiúil aici/íomhá mhaith.
4. Lena léiriú do Bhainc/do Bhord Fiontar an Chontae go bhfuil sí dáiríre faoi thosú aisti féin.

4 @ 1m

(ii) Tionchar a bhíonn ag TFC

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Idirlíon/Ríomhphost/ Suíomh gréasáin/Láithreáin líonraithe shóisialta | |
| | | Suíomh gréasáin le fógraíocht a dhéanamh ar earraí/ orduithe a ghlacadh<br>Le féachaint cad atá ar siúl ag iomaitheoirí.<br>Íocaíocht ar líne (paypal)<br>Le taighde margaidh a dhéanamh |
| 2. | Pacáistí Bogearraí | Próiseáil Focal/Bunachar Sonraí /Foilsitheoir<br>Le bheith gairmiúil i dtaobh na litreacha, na sonrasc, na bhfógrán a sheolann sí amach.<br>Éascaíocht ó thaobh eolas a stóráil. |
| 3. | Airgeadas | Cuntais/párolla/scarbhileoga a choinneáil.<br>A bheith ábalta baincéireacht ar líne a dhéanamh.<br>Éascaíocht ó thaobh buiséid a chur le chéile/figiúirí a athrú.<br>Íocaíochtaí ar líne |
| 4. | Forbairt Táirge | Is féidir dearthaí nua-aimseartha cácaí a ullmhú.<br>Féadfaidh custaiméirí grianghraif etc. a chur ar ríomhphost.<br>Taighde a dhéanamh ar dhearthaí ar líne. |
| 5. | Fón Póca/Ríomhaire Glúine/Físchomhdháil/Facs/Fón | |
| | | Déanann an gnó éifeachtach mar go bhfuiltear in ann gnó a dhéanamh in áit ar bith.<br>Laghdaíonn an gá a bhíonn le meaisíní eile ar nós gléasanna freagartha etc. |
| 6. | Impleachtaí Costais | Ríomhphost/bróisiúir a dhearadh/impleachtaí costais atá bailí/fógraíocht ar shuíomh gréasáin |

4 @ 2m
(1 + 1)

Gan aon mharc do cheannteidil
Ní cheadaítear pointí a thabhairt an athuair

**C.3 Tá Pleanáil mhaith riachtanach chun go mbeidh rath ar fhiontar gnó nua.**

(i) Luaigh conas a chabhróidh sé le fiontar Shorcha Plean Gnó a ullmhú.
(ii) Pléigh, faoi cheannteidil ábhartha, na príomhcheisteanna a gcaithfidh Sorcha pleanáil dóibh agus a fiontar nua á thosú aici.
(iii) Mínigh fáth **amháin** a bhféadfadh rath a bheith ar an gcaife i rith mhíonna an gheimhridh. **12 mharc**

(i)

1. Tá a fhios agat na haidhmeanna/cuspóirí atá agat/tú ábalta feidhmíocht mar atá sé a chur i gcomparáid lena bhfuiltear ag súil leis.
2. Beidh sé de dhíth ó bhainc agus ó institiúidí airgeadais eile má dhéanann tú iarratas ar iasacht nó má lorgaíonn tú deontas.
3. Cuidíonn le cinntí a dhéanamh; cuidíonn leat féachaint mar is féidir aidhmeanna, cuspóirí a bhaint amach.
4. Cuidíonn pleanáil le fadhbanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a aithint agus cuidíonn le fadhbanna a réiteach/LLDB.
5. Cuidíonn leat le pleanáil don todhchaí – costasú/airgeadas/ceannach caipitil.

4 @ 1m

(ii)

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Áitreabh/Suíomh | Cá mbunóidh sí an gnó?<br>Cá mhéid cíosa a chaithfidh sí a íoc?<br>An mbeidh costais athchóirithe/athruithe uirthi?<br>Gaireacht don mhargadh/infreastruchtúr.<br>An bhfuil an t-áitreabh feistithe le trealamh? |
| 2. | Airgeadas | Cén caipiteal a theastóidh uaithi don stoc/le tosú?<br>Costais laethúla a bheidh uirthi/costais reatha.<br>An dtabharfaidh soláthróirí creidmheas?<br>Foinsí airgid<br>Cumas iasachtaí a aisíoc/srianta a chuireann iasachtóirí uirthi. |
| 3. | Margaíocht | Conas mar a dhéanfaidh sí fógraíocht/suíomh gréasáin etc?<br>Cé na táirgí a n-éireoidh leo?<br>Cé hiad na cineálacha éagsúla custaiméirí/spriocmhargadh?<br>Cad a bheidh éagsúil fúithise le hais a cuid iomaitheoirí?<br>Caidreamh maith leis an bpobal a choinneáil? |
| 4. | Fostaithe | An mbeidh aon fhostaí ag teastáil uaithi agus cé le haghaidh/cé méid/cé na scileanna a bheidh ag teastáil?<br>Costas pá.<br>Oiliúint a bheidh de dhíth. |
| 5. | Táirge/Seirbhís | An gnó séasúrach é seo nó an mbeidh sé á reáchtáil i gcaitheamh na bliana?<br>Ag brath ar an am den bhliain conas mar a chaithfidh sí an táirge a athrú?<br>A bheith ceart le freastal ar éilimh custaiméirí/an praghas ceart a ghearradh/rialú caighdeáin a choinneáil/seirbhís foinsí comhábhair a aimsiú/aon uaire/baisc. |
| 6. | Iomaíocht | Cé atá in iomaíocht léi?<br>Conas a bheidh a gnó níos fearr/USP?<br>Conas mar a bheidh tionchar ag iomaíocht ar an bpraghas? |
| 7. | Dlí | Cloítear le gach dlí a bhaineann le gnó a bhunú.<br>Ceadúnais a bheith faighte/nó in ordú.<br>Aghaidh tugtha ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta.<br>Dlí fostaíochta/Dlí tomhaltóra. |

3 @ 2m
(1 + 1)
Gan aon mharc do cheannteidil

(iii) Aon nóta a bhaineann leis an gcás-staidéar. 2m

**Roinn C** **Ceisteanna Ginearálta** **100 marc**

**C.1 Cabhraíonn fiosrú gairme leat nuair a bhíonn gairm bheatha á roghnú agat.**

(a) Ainmnigh an ghairm bheatha a d'fhiosraigh tú mar chuid de do Nascmhodúil CGAT. **1 mharc**

Aon ghairm bheatha a luaitear 1m

(b) Luaigh agus mínigh **trí** cháilíocht/scil atá ábhartha don ghairm bheatha seo. **6 Mharc**

1. Scileanna obair foirne
2. Scileanna cumarsáide
3. Muinín
   Etc.

A lua 1m
Míniú 1m
3 @ 2m
(1 + 1)

(c) Mar chuid de d'fhiosrú, ghlac tú páirt i ngníomhaíocht 'lasmuigh den scoil'. Cad iad na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo? **9 Marc**

1. Foghlaimíonn tú scileanna nua ar nós scileanna cumarsáide mar go gcaitheann tú eolas a fháil ó dhaoine nó a roinnt le daoine go héifeachtach.

2. Cuireann feabhas ar scileanna pearsanta e.g. cuireann tú le scileanna pleanála/taighde/eagrúcháin.

3. Éasca feasacht/eolas a fháil faoin ngairm.

4. D'fhéadfadh taithí nua a bheith agat ar nós daoine as an ngairm a chur faoi agallamh/foghlaim faoin gcineál oibre atá ar fail/saol na hoibre.

5. Gné punainne a chomhlíonadh don Nascmhodúil ar fhiosrú gairme.

6. Chuidigh leat díriú isteach ar an todhchaí/cinntí a dhéanamh/aithne a chur ar dhaoine/níos spreagtha ar scoil.

3 @ 3
(1 + 2)

(d) Cén chomhairle a thabharfá do dhuine a bhain amach a chuid cáilíochtaí le déanaí agus a bhfuil sé deacair dó/di jab a fháil sa ghairm atá roghnaithe aige/aici? **9 marc**

1. Taithí oibre gan íocaíocht a lorg i ngnó ábhartha lena léiriú go bhfuil suim cheart agat sa réimse sin oibre.

2. Obair dheonach a dhéanamh lena léiriú go bhfuil suim agat cur le do CV/nach maith leat a bheith díomhaoin/sásamh pearsanta.

3. Cúrsaí breise a d'fhéadfá a dhéanamh a fhiosrú le go leanfaidh tú ag cur le do scileanna/athoiliúint/FÁS/breis scileanna.

4. Bí solúbtha i dtaobh na hoibre a dtabharfá faoi mar go mbeidh sin níos tarraingtí d'fhostóirí.

5. Déan scileanna pearsanta a fhorbairt, ar nós obair foirne, rud a dhéanfaidh oibrí níos éifeachtaí díot.

6. Déan teagmháil phearsanta le fostóirí/gníomhaireachtaí earcaíochta a d'fhéadfadh tú a fhostú.

7. Bunaigh do ghnó féin: deontais/meantóireacht/uaillmhian phearsanta a chomhlíonadh.

8. Téigh ar imirce: téigh chuig tír ina bhfuil do chuid scileanna/cáilíochtaí de dhíth. Tá breis oiliúna/scileanna agat a chuireann le do CV.

3 @ 3m
(1 + 2)

**C.2 Tá an-tairbhe ag baint le cuairt a thabhairt ar fhiontar gnó áitiúil mar ghníomhaíocht ranga.**

(a) Ainmnigh an fiontar gnó ar thug do rang cuairt air. **2 mharc**

Aon ghnólacht a ainmnítear 2m

(b) Luaigh **dhá** chuspóir a bhí agaibh ar an gcuairt a thug sibh ar an ngnólacht seo. **4 mharc**

1. Foghlaim faoin ngnólacht.
2. Cuairt a phleanáil/a eagrú go rathúil.
3. Cur le scileanna pearsanta.
4. Mír a réiteach do mo phunann.
5. Foghlaim le hobair a dhéanamh mar chuid d'fhoireann.

2 @ 2m
(0, 2)

(c) Tabhair breac-chuntas ar na príomhthosca a chuir le rath nó le teip na cuairte. **9 marc**

1. Cé chomh maith is a bhí an chuairt pleanáilte?
2. Ar thit na socruithe amach de réir an phlean?
3. Rannpháirtíocht gach duine sa rang.
4. Cé chomh fáilteach/ullmhaithe a bhí an eagraíocht romhainn?
5. Caighdeán an taighde ar an eagraíocht.
6. Caighdeán na gceisteanna a cuireadh/eolas a fuarthas.

3 @ 3m
(1 + 2)

(d) Agus gníomhaíocht CGAT á measúnú, tá an luacháil ina cuid thábhachtach den obair
(i) Mínigh cad is brí le luacháil.
(ii) Conas a dhéanfadh do rang an chuairt a luacháil? Tabhair cúiseanna leis an bhfáth go ndéanfaidís amhlaidh. **10 marc**

(i)

Is éard is luacháil ann ná athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht féachaint le measúnú a dhéanamh ar éirigh leis/anailís a dhéanamh ar an eolas, ag féachaint le measúnú a dhéanamh ar éirigh leis nó ar theip air nó le hathrú a dhéanamh maidir leis an ghníomhaíocht amach anseo. 2m + 2m

(ii)

1. Ceistneoir: A d'fhéadfaí a thabhairt don eagraíocht ar tugadh cuairt uirthi chomh maith leis an rang.

   Cúis: Éasca le riar/torthaí a chur i gcomparáid.
   Is féidir a chomhlánú gan ainm.
   Ní bhíonn daor de ghnáth.
   Ráta ard freagartha.
   Bíonn siad oibiachtúil.

2. Iarr tuairimí Múinteoirí/Comhaltaí na heagraíochta ar tugadh cuairt uirthi.

   Cúis: Tugann deis don rang a scileanna agallaimh/cumarsáide a chleachtadh.
   Is féidir ceisteanna a mhíniú más gá.
   Éasca le déanamh.
   Ní bhíonn aon chostas i gceist.
   Gheobhaidh tú aiseolas/athbhreithniú fírinneach ar obair foirne.

3. Caighdeán na tuairisce – an bhfuarthas dóthain eolais/eolas den chineál ceart?

   Cúis: Modh éasca le húsáid mar go gcaithfidh gach duine sa ranga tuairisc a chur ar fáil.
   Éasca comparáid a dhéanamh idir tuairiscí.

4. Athbhreithniú ar Obair Foirne – ar chuir an rang ag obair an méid a d'fhoghlaim siad?

   Cúis: An cuspóir a bhí ann ná oibriú go maith le chéile mar fhoireann.
   Bíonn gach duine sa rang ar an eolas faoin méid atá i gceist.

5. Plé sa Rang: Is féidir tuairimí agus plé éagsúla a ghlacadh san áireamh.

   Cúis: Éasca le heagrú
   Féadfaidh gach duine a bheith rannpháirteach.
   Deis le fáil amach cá mhéad a foghlaimíodh.
   Bealach maith le scileanna cumarsáide a chleachtadh/feabhas orthu a léiriú.

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.3 Déan machnamh ar an gceantar ina gcónaíonn tú.**

(a) Luaigh cúis **amháin** a bhfuil do scoil suite san áit ina bhfuil sí, dar leat. **1 mharc**

1. I mbaile/gar do dhaonra mór.
2. Níl aon scoil eile i ngar.
3. Traidisiún sa cheantar
4. As bealach bóithre móra/ó thrácht mór.

Aon chúis bailí

1m

(b) Ainmnigh **dhá** chineál fiontar/eagraíochtaí sa cheantar. Mínigh buntáiste **amháin** don cheantar a bhaineann leis an dá cheann acu.

**6 mharc**

Cineál Fiontair

| **Eagraíochtaí Tráchtála** | **Eagraíochtaí Deonacha** |
|---|---|
| Miondíol | Eagraíocht pobail |
| Déantúsaíocht | Eagraíocht carthanachta |
| Airgeadas | Eagraíochtaí spóirt |
| Iompar | |
| Tionscal seirbhíse | |
| Cruthú post | |
| Eagraíochtaí stáit | |
| Turasóireacht/Oidhreacht | |

2 @ 1m

Buntáistí
1. Tá an tseirbhís a chuirtear ar fáil ag teastáil/feidhm leis.
2. Caoithiúil do chustaiméirí.
3. Cuireann fostaíocht ar fáil/cruthaíonn poist.
4. Gradam don cheantar/tarraingíonn cuairteoirí
5. Cuidíonn le gnólachtaí/eagraíochtaí eile/saoráidí níos fearr.
6. Urraíocht do scoil/don eagraíocht pobail.
7. Cruthaítear spiorad pobail/tugtar daoine le chéile.

2 @ 2m
(0, 2)

(c) Ainmnigh **dhá** dhúshlán atá faoi na fiontair/eagraíochtaí sa cheantar. Mínigh **dhá** shlí ar féidir an dá dhúshlán a shárú. **8 marc**

1. Níl an oiread airgid ag daoine le caitheamh/Cúlú eacnamaíochta/Easpa tabhartas
   A dtáirge/seirbhís a athrú/éagsúlú.
   Praghsanna níos ísle
   Luach ar airgead

2. Costas Ard
   Déan idirbheartaíocht ar phraghsanna nua le soláthróirí.
   Soláthróirí nua a aimsiú
   Athrú chuig áitreabh nua/déan idirbheartaíocht arís ar an gcíos.
   Laghdaigh an bille pá.

3. Iomaíocht ó dhaoine eile
   Bíodh earra/seirbhís ar leith agat.
   Déan cinnte go bhfuil an caighdeán níos fearr, dá bhrí sin coinneoidh tú custaiméirí.
   Praghsanna níos ísle.

4. D'fhéadfadh éileamh níos mó a bheith ar sheirbhís eagraíochtaí áirithe ach gur lú foireann/airgead a bheadh acu e.g. ospidéil
   Atheagar ar an tslí a ndéanann siad a gcuid oibre.
   Eolas a sholáthar le go dtuigfidh custaiméirí an fáth a bhfuil tú ag obair mar atá.
   Oibrithe deonacha.

5. Suíomh/tuath/uirbeach
   Ceantar iargúlta, easpa seirbhísí/gnó ar líne.
   Uirbeach – Gan Pháirceáil.

6. Bánú/Imirce
   Féilte.
   Aimsigh dreasachtaí deontais le gnólacht nua a bhunú.
   Oideachas agus cúrsaí oiliúna a chur ar fáil.

7. Ceist timpeallachta/Loitiméireacht
   Tascfhórsa a bhunú san fhiontar/eagraíocht chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna/monatóireacht a dhéanamh/féachaint ar na sonraí
   Athchúrsáil
   TCI (*CCTV*)

[2 × 2m dúshláin (0, 2)]
[2 × 2m – slite lena shárú (1 + 1)]

(d) Cén chomhairle a thabharfá d'fhiontraí atá ag déanamh taighde ar smaoineamh atá aige/aici gnó a chur ar bun sa cheantar? **Ceithre** phointe ag teastáil. **10 marc**

1. Déan taighde margaidh lena chinneadh an bhfuil margadh ann/féach ar an té atá in iomaíocht leat.
2. Déan teagmháil leis an mbord fiontar áitiúil le comhairle/meantóireacht a fháil.
3. Leag amach plean gnó/le hiasacht bainc a fháil/d'infheisteoirí.
4. Tabhair faoi staidéar féidearthachta.
5. Déan iarratas ar dheontais atá ar fáil.
6. Faigh ceann de na haonaid folmha ar cíos seachas aonad nua a thógáil/faigh trealamh nó áitreabh ar léas.
7. Déan taighde ar an teacht atá ar fhostaithe oiriúnacha le go roghnóidh tú foireann atá solúbtha agus a oibríonn crua.
8. Córais iompair, gar d'aerfort/do chalafort/d'infreastruchtúr maith.
9. Seiceáil leis an gcomhairle áitiúil maidir le riachtanais phleanála/ceadúnais/ceadúnais daingnithe/cead pleanála

2 @ 3m
(1 + 2)
2 @ 2m
(1 + 1)

**C.4 Toisc gur ghlac tú páirt in CGAT, tá eolas faighte agat faoi dhomhan na hoibre.**

(a) Ainmnigh **dhá** chineál oibre seachas fostaíocht. **2 mharc**

1. Féin-Fhostaíocht
2. Obair Dheonach
3. Obair Tí
4. Obair Scoile/Obair Baile
5. Taithí Oibre

2 @ 1m

(b) Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste, nach buntáistí airgeadais iad, a bhaineann le fostaíocht. **6 mharc**

1. Taithí/scileanna nua a fhoghlaim/scileanna obair foirne.
2. Cur le féin-mhuinín/níos muiníní/féin-chomhlíonadh.
3. Gníomhaíocht shóisialta/cairdeas/caighdeán saoil/gné idirphearsanta.
4. D'fhéadfadh sochair comhchineáil a bheith ag dul duit/carr cuideachta/taisteal/ scaireanna.
5. Cinnteacht poist le go mbeidh tú ábalta pleanáil don todhchaí.
6. Cur le do CV trí obair/teistiméireacht/moltóir/teagmhálaí don todhchaí a bheith agat.

Is gá míniú a thabhairt
3 @ 2m
(0, 2)

(c) Cad is Ceardchumann ann? Mínigh **trí** chúis a dtéann daoine isteach i gCeardchumainn. **8 marc**

Déanann Ceardchumann ionadaíocht ar eagraíocht oibrithe. Déanann siad ionadaíocht ar oibrithe mar ghrúpa le cur le coinníollacha oibre.

2m
(1 + 1)

Cúiseanna a dtéann oibrithe le ceardchumainn.

1. Tacaíonn na hoibrithe ar fad lena chéile, cur le chéile.
2. Déanfaidh an ceardchumann idirbheartaíocht maidir le pá/coinníollacha oibre
3. Déanfaidh an Ceardchumann ionadaíocht ar oibrí má tharlaíonn aighneas/má thagann saincheist/bulaíocht chun cinn.
4. Tá na mílte ball níos cumhachtaí na líon beag agus is fearr sin i dtaobh idirbheartaíochta.
5. Sochar le baint as grúpscéimeanna (VHI/Comhar Creidmheasa).
6. D'fhéadfadh a bheith éigeantach

3 @ 2m
(1 + 1)

(d) Pléigh trí bhuntáiste a bhaineann oibrithe as a bheith páirteach i mbreisoideachas agus i dtraenáil i rith a saoil oibre.

**9 marc**

1. Feabhas ar scileanna: Seans níos fearr ardú céime a fháil ina bpost/iad a choinneáil san obair.
2. Cuidíonn le hobair a fháil amach anseo/Cuireann le do CV/Tugann rogha don fhostaí amach anseo.
3. Dúshláin nua: Coinníonn an fostaí spreagtha agus a suim san obair.
4. Mar thoradh ar fhorbairtí nua bíonn gá uasdátú seasta a dhéanamh i ngairmeacha áirithe.
5. Athraíonn fostaithe a ngairmeacha beatha anois níos minice agus mar sin bíonn cáilíochtaí nua de dhíth.
6. Luach saothair/níos mó freagrachta.

3 @ 3m
(1 + 2)

**C.5 Tá socraithe ag do rang Nascmhodúl, bráisléid chairdis a tháirgeadh agus a dhíol le mic léinn do scoile mar ghníomhaíocht fiontraíochta.**

(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh chun tuairimí a ghiniúint le haghaidh gníomhaíocht fiontraíochta. **4 mharc**

1. Ransú smaointe sa rang/bosca moltaí/meabhairmhapa.
2. Aithris a dhéanamh ar fhiontair ar éirigh leo roimhe seo.
3. Taighde margaidh a dhéanamh lena fháil amach cé ar a mbeadh díol/suirbhé/idirlíon.
4. Féach cad atá ar fáil sna siopaí.
5. Caitheamh aimsire/suimeanna.
6. Comhairleoirí/meantóir ó Junior Achievement/CEB.

2 @ 2m
(0, 2)

(b) Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach taighde margaidh a dhéanamh sula dtugtar faoin ngníomhaíocht seo **4 mharc**

1. Gheobhaidh tú amach an mbeadh suim ag mic léinn sa táirge/cé na bliainghrúpaí a bhfuil suim acu ann le go mbeidh tú ábalta do tháirge a phleanáil bunaithe orthusan.
2. Beidh barúil agat cad a bheadh mic léinn sásta a íoc air.
3. Ba chóir fadhbanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a aithint, e.g. caighdeán, an gá a bheadh le hamhábhar/caipiteal le tosú/suíomh.
4. Déan cinnte nach gcuirfear airgead amú, táirg an méid cheart.
5. Eolas ar iomaitheoirí /cad atá sna siopaí.

2 @ 2m
(0, 2)

(c) Déan amach ceistneoir chun taighde margaidh a dhéanamh dó seo. Ba chóir go mbeadh **cúig** cheist ann ar a laghad. **10 marc**

**Ceistneoir**

C.1 Fear ☐ Bean ☐

C.2 Cén bhliain a bhfuil tú ann? 1ú ☐ 2ú ☐ 3ú ☐
5ú ☐ 6ú ☐

C.3 An gceannófá Bráisléad Cairdis? Cheannóinn ☐ Ní Cheannóinn ☐

C.4 Dá gceannófá, an gceannófá bráisléid a mbeadh níos mó ná dath amháin orthu?
Cheannóinn ☐ Ní Cheannóinn ☐

C.5 An gceannófá duit féin iad nó mar bhronntanas? ________________________

C.6* Cá mhéad airgid a mbeifeá sásta a chaitheamh ar bhráisléad amháin? __________

| | | |
|---|---|---|
| Leagan amach<br>Ceannteideal<br>Néatacht<br>Treoracha<br>Eagsúlacht<br>Stíleanna | 5 mharc | 5 @ 1m |
| 5 Cheist | 5 mharc | 5 @ 1m |

*Ceist éigeantach

(d) Leag amach rannóg na margaíochta den Phlean Gnó a dhéanfadh sibh. Cuir isteach ann gach cuid den chumasc margaíochta a bheadh curtha san áireamh agaibh. **7 marc**

Rannóg na Margaíochta:

Taighde Margaidh: Leag amach ceistneoir agus tabhair faoi thaighde de réir bliainghrúpa. Iarr comhairle ar mhic léinn eile a bhunaigh mionchuideachtaí san am a caitheadh. Bain leas as an idirlíon le smaointe a fháil ar tháirgí éagsúla. 1 mharc

| | |
|---|---|
| Táirge | Cinntigh go bhfuil sé ar chaighdeán maith trí leas a bhaint as amhábhar ar chaighdeán maith agus go bhfuil an táirgeadh ar chaighdeán ard/USP/pacáistiú/dearadh. |
| Praghas | Smaoinigh ar cá mhéad a íocfaidh mic léinn le nach mbeidh an praghas ró-ard ach sách ard le costais a sheasamh agus brabach a dhéanamh/de réir an chomórtais/straitéisí éagsúla praghsála. |
| Suíomh | Pleanáil go cúramach cá ndíolfar na bráisléid, e.g. seastán sa scoil in áit mhaith san áit tionóil. Díol na bráisléid san áit a mbeidh gníomhaíocht scoile ar siúl ar nós imeacht spóirt nó coirm cheoil scoile/Cuir seastán suas ag ionad siopadóireachta áitiúil/aonaigh ceirde/bunscoil áitiúil. |
| Díolachán a Spreagadh | Conas a dhéanfar fógraíocht ar na bráisléid; déan samplaí agus glac orduithe roimh ré, tabhair an deis do mhic léinn na dathanna is maith leo a ordú. Cuir póstaeir suas ar fud na scoile agus bain leas as gléas idirchumarsáide na scoile. Díolachán a spreagadh/suíomh gréasáin. |

2 @ 2m
(1 + 1)
2 @ 1m

**C.6 Is cleachtadh an-luachmhar é Taithí Oibre/Scáthfhoghlaim Oibre ag mic léinn CGAT chun iad a ullmhú don todhchaí.**

(a) Scríobh r-phost a chuirfeá agus tú ag lorg socrúchán oibre oiriúnach. **4 Marc**

Beannú (oscailt)
Líne an ábhair
Réamhrá
An chúis a bhfuil an ríomhphost á sheoladh
Líon laethanta/dátaí
Ráiteas ag an deireadh/an clabhsúr
CV faoi iamh
Seoladh ríomhphoist

(Aon 4 cinn)
4 @ 1m an ceann

(b) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht atá agat, mar fhostaí, don fhostóir a thug an socrúchán oibre duit. **6 mharc**

1. Obair chrua a dhéanamh/iompar freagrach/caighdeáin a chinntiú/ionraic/freastal ar oiliúint.
2. A bheith ann in am.
3. Treoracha Sláinte agus Sábháilteachta a leanúint/freagracht a ghlacadh maidir lena sábháilteacht.
4. A bheith gléasta go hoiriúnach/bheith bródúil as an gculaith oibre etc.
5. A bheith suáilceach le comhghleacaithe oibre/custaiméirí.
6. Rúndacht/dílseacht don eagraíocht.

3 @ 2m
(0, 2)

(c) Déan cur síos ar **thrí** shlí a raibh tionchar ag do shocrúchán oibre CGAT ar do rogha gairm bheatha. **6 m****harc**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | An Cineál Oibre | Bhain mé/Níor bhain mé sult as/chonaic cad a bhí i gceist leis an gcineál ar leith sin poist. |
| 2. | Scileanna de dhíth | Feiliúnach duitse, tá na scileanna agam/níl na scileanna agam. |
| 3. | Oiliúint | Tá suim agam sa ghnó seo agus bhainfinn sult as an gcúrsa oiliúna/coláiste/bhí sé ró-dheacair nó rófhada. |
| 4. | Ionchais Fostaíochta | Go maith/go dona. |
| 5. | Rogha Gairme | Chuidigh le cinneadh a dhéanamh maidir le gairm. |

3 @ 2m
(1+ 1)

(d) Bíonn meas ag fostóirí ar thréithe áirithe ina gcuid fostaithe. Ainmnigh **trí** cinn de na tréithe seo. Mínigh cén fáth a bhfuil gach ceann díobh tábhachtach d'fhostóir.

**9 marc**

Tréithe a ainmniú:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Iontaofa | Caithfidh fostóir a bheith sásta nach ngoidfear stoc ná airgead. |
| 2. | Tionscantach | Beidh fostóir ag iarraidh fostaí nach gcaithfear gach rud a bheidh le déanamh ainsint dó/a aimseoidh bealaí éifeachtacha leis an obair a dhéanamh/a bheidh ábalta déileáil leis an ní nach rabhthas ag súil leis go tapa agus go héifeachtach. |
| 3. | Muiníneach | Beidh fostóir ag iarraidh ar fhostaithe a bheith ann in am agus ar féidir brath orthu an obair a dhéanamh ceart. |
| 4. | Dílís | Bheadh fostóir ag súil gurb í an fhostaíocht is gaire do leas an fhostóra agus go mbeadh sé ag iarraidh obair mhaith a dhéanamh. |
| 5. | Duine a oibríonn crua: | Beidh fostóir ag súil go ndéanfaidh fostaí a dhícheall, cion cothrom den obair a dhéanamh ar chaighdeán ard. |
| 6. | Obair ar fhoireann: | Beidh fostóir ag iarraidh fostaithe a bheidh ag iarraidh oibriú le chéile le tascanna a dhéanamh go maith, ní mór don fhostaí a bheidh sásta comhoibriú lena chéile. |
| 7. | Curtha i láthair go maith: | Gléasta go néata, slachtmhar, oiriúnach le híomhá dhearfach a chruthú don ghnólacht. |
| 8. | Go maith ag cumarsáid: | Beidh fostóir ag iarraidh fostaithe a bheidh in ann déileáil go soiléir le custaiméirí/daoine eile. |

3 @ 3m
1m as an ainmniú
2 @ 1m ar chúis a bhfuil tábhacht le tréith
Ní cheadaítear freagraí a thabhairt an athuair